Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**9984/25**

**SOC 394**
**GENDER 97**
**ANTIDISCRIM 63**
**FREMP 155**
**TELECOM 184**
**CYBER 162**
**DIGIT 109**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9408/25 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gComhionannas Inscne a Chur Chun Cinn i Ré Dhigiteach Faoi Thionchar na hIntleachta Saorga: an 6ú athbhreithniú cothrománach ar chur chun feidhme Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising arna dhéanamh ag na Ballstáit agus ag institiúidí an Aontais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite a d'fhormheas Comhairle EPSCO ag an gcruinniú a bhí aici an 19 Meitheamh 2025.[1]

[1] Cuireadh mioncheartúcháin eagarthóireachta isteach sa téacs.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gComhionannas Inscne a Chur Chun Cinn i Ré Dhigiteach Faoi Thionchar na hIntleachta Saorga: An 6ú athbhreithniú cothrománach ar chur chun feidhme Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising arna dhéanamh ag na Ballstáit agus ag institiúidí an Aontais**[2]

**AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á ADHMHÁIL AICI**

1. Tá an comhionannas inscne agus cearta an duine i gcroílár luachanna na hEorpa. Is prionsabal bunúsach den Aontas Eorpach agus prionsabal a chumhdaítear sna Conarthaí agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh é an comhionannas idir mná agus fir.

2. Le hAirteagal 8 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ceanglaítear ar an Aontas, ina ghníomhaíochtaí uile, é a bheith d'aidhm aige neamhionannais idir mná agus fir a dhíchur agus comhionannas a chur chun cinn, agus luaitear in Airteagal 10 gurb é is aidhm don Aontas, agus a bheartais agus a ghníomhaíochtaí á sainiú agus á gcur chun feidhme aige, idirdhealú a chomhrac atá bunaithe ar ghnéas, ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar chlaonadh gnéasach.

3. Tá sé ríthábhachtach comhionannais deiseanna a áirithiú do gach bean agus fear chomh maith le tairbhiú iomlán chearta uile an duine agus saoirsí bunúsacha a chur chun cinn agus a chosaint agus a urramú, ar cearta agus saoirsí iad atá uilíoch, doroinnte, idirspleách agus idirghaolmhar agus atá bunriachtanach chun mná agus cailíní a chumhachtú. Cuid dhílis den phróiseas sin agus den chur chuige sin is ea Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le gach cineál idirdhealaithe in aghaidh ban a dhíothú agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising a chur chun feidhme go fuinniúil i mbeartais inmheánacha agus sheachtracha an Aontais.

---

**2** Conclúidí arna dtarraingt suas i gcomhthéacs an athbhreithnithe 30 bliain ar chur chun feidhme Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising.

4. Leagtar béim i Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFI) 5 na Náisiún Aontaithe maidir le comhionannas inscne ar an ngá atá le 'Feabhas a chur ar úsáid na teicneolaíochta cumasúcháin, go háirithe teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide, chun cumhachtú na mban a chur chun cinn'.[3] Is é is aidhm do na SFInna agus do Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising araon sochaí níos inbhuanaithe agus níos cothroime a bhaint amach.

5. Is bliain thábhachtach í 2025 maidir leis an gcomhionannas inscne agus cearta na mban agus an pobal idirnáisiúnta ag ceiliúradh 30 bliain ó glacadh Dearbhú agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising, chomh maith le comóradh 25 bliana ónar foilsíodh Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil. Tá creataí straitéiseacha éagsúla atá ábhartha maidir le comhionannas inscne ag dul in éag freisin, lena n-áirítear na Teachtaireachtaí ón gCoimisiún mar shampla an Straitéis maidir le Comhionannas Inscne 2020-2025, Plean Gníomhaíochta AE maidir le hInscne (GAP) III**,** agus Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil (2019-2024), chomh maith le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Frithchiníochas 2020-2025 agus an Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ 2020-2025.

6. In 2025, thíolaic an Coimisiún Eorpach a Theachtaireacht ina leagtar amach Treochlár um Chearta na mBan, lena ngabhann Dearbhú, ina leagtar amach 'prionsabail agus cuspóirí maidir le cearta na mban a bheidh ina dtreoir do straitéisí agus gníomhaíochtaí amach anseo, go háirithe sa Straitéis maidir le Comhionannas Inscne tar éis 2025. Is é is aidhm don dearbhú an clár oibre beartais maidir le comhionannas inscne a chur chun cinn agus a stiúradh san fhadtéarma, agus é ina chreat treorach do bheartas de chuid an Aontais i dtreo comhionannas inscne níos fearr i ngach gné den tsochaí agus den gheilleagar.

7. Tá sé ríthábhachtach cur chuige déach i leith comhionannas inscne a shaothrú, ina gcomhcheanglófar príomhshruthú inscne, i.e. gné an chomhionannais inscne a chomhtháthú go córasach i ngach beartas, i ngach clár agus i ngach buiséad le beartais shonracha maidir le comhionannas inscne agus le bearta spriocdhírithe.

---

**3** Roinn Gnóthaí Eacnamaíocha agus Sóisialta na Náisiún Aontaithe : Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 5, fosprioc (b).

8. Tá ról ríthábhachtach ag comhar leanúnach leis na comhpháirtithe sóisialta, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí ban, cosantóirí chearta na mban agus tacadóirí óige, maidir le cearta na mban agus na gcailíní agus comhionannas inscne a chur chun cinn chun cuspóirí Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising a bhaint amach.

9. I bhfianaise an iliomad dúshlán atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn maidir le forbairt shocheacnamaíoch an Aontais, tá sé ríthábhachtach tairbhiú iomlán cearta bunúsacha agus comhionannas a bhaint amach, lena n-áirítear comhionannas inscne, chun sochaí chothrom, chuimsitheach agus athléimneach agus geilleagar iomaíoch a thógáil.

**Á MHEABHRÚ DI AN MÉID SEO A LEANAS:**

10. Tá an chéad chreat dlíthiúil cuimsitheach riamh tugtha isteach ag an Aontas arb é is aidhm dó foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac. Le Treoir (AE) 2024/1385, leagtar síos caighdeáin chun íospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe a chosaint, déantar cineálacha áirithe foréigin in aghaidh na mban a choiriúlú, as líne agus ar líne araon, agus ceanglaítear ar na Ballstáit bearta láidre a chur chun feidhme maidir le cosc, chun íospartaigh a chosaint agus an tacaíocht dóibh a neartú, chun a rochtain ar cheartas a éascú, agus comhordú agus comhar a áirithiú idir údaráis, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí ábhartha, chomh maith le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus páirtithe leasmhara eile. Tugtar aghaidh sa Treoir ar gach cineál foréigin, lena n-áirítear díobháil nó fulaingt fhisiciúil, ghnéasach, shíceolaíoch agus eacnamaíoch a thagann chun cinn i leanúntas foréigin ar fud timpeallachtaí as líne agus ar líne araon.

11. Is céim chinntitheach chun cinn é aontachas an Aontais le Coinbhinsiún Iostanbúl maidir le hábhair a thagann faoina inniúlacht eisiach chun an creat dlíthiúil a neartú chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac laistigh den Aontas. Comhlánaíonn sé sin a thuilleadh iarrachtaí eile an Aontais ar an bhforéigean a chomhrac, comhionannas inscne a áirithiú agus mná agus cailíní atá i staideanna leochaileacha a chosaint.

12. Le Rialachán (AE) 2024/1689 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (dá ngairtear 'an Gníomh um an Intleacht Shaorga' anseo feasta), ghlac an tAontas an chéad chreat dlíthiúil cuimsitheach riamh maidir leis an intleacht shaorga, agus ról mar cheannaire domhanda sa réimse sin á ghlacadh aige. Thairis sin, i mí na Bealtaine 2024, ghlac Comhairle na hEorpa Creat-Choinbhinsiún maidir leis an intleacht shaorga atá ceangailteach ó thaobh dlí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil leis an intleacht shaorga do chearta an duine, don daonlathas agus don smacht reachta, a shínigh an Coimisiún thar ceann an Aontais i mí Mheán Fómhair 2024.

13. Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2022/2065 (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha, dá ngairtear 'GSD' anseo feasta) timpeallacht níos sábháilte ar líne a chruthú d'úsáideoirí san Aontas, le tacar rialacha atá ceaptha, go háirithe, chun aghaidh a thabhairt ar ábhar neamhdhleathach, agus chun trédhearcacht a áirithiú. Ag an am céanna, leis an Treoir maidir le seirbhísí meán closamhairc, cuireadh sásraí i bhfeidhm chun leanaí a chosaint agus chun dul i ngleic leis an bhfuathchaint ar bhealach níos éifeachtaí.

14. Leis an Dearbhú Eorpach maidir le Cearta agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití, cuirtear an pobal i gcroílár an chlaochlaithe dhigitigh agus is é is aidhm dó prionsabail an chlaochlaithe dhigitigh a chur chun cinn, bunaithe ar chur chuige atá dírithe ar chearta an duine agus i gcomhréir le luachanna comhroinnte Eorpacha agus le reachtaíocht chomhroinnte Eorpach.

**AGUS É Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI**

15. Sa Tuarascáil ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) dar teideal 'Tiománaí tionchair: garspriocanna agus deiseanna a mharcáil le haghaidh comhionannas inscne san Aontas', ina gcuirtear i láthair na príomhthreochtaí, an dul chun cinn atá á dhéanamh faoi láthair agus na mórdhúshláin i réimse an chomhionannais inscne san Aontas, cuirtear i bhfios go láidir freisin gur bonn é an dul chun cinn a dhéantar le sásraí institiúideacha[4] don dul chun cinn i ngach réimse eile de chlár oibre gníomhaíochta Bhéising. Dá bhrí sin, tá sásraí institiúideacha ríthábhachtach chun comhionannas inscne a bhaint amach i ngach réimse.[5]

---

**4** Comhlachtaí agus próisis a fhónann chun comhionannas inscne agus príomhshruthú saincheisteanna inscne a chur chun cinn, a mholadh agus chun tacú leo ar fud na réimsí beartais uile. **(***Bailiú sonraí 2024 maidir le sásraí institiúideacha*, EIGE, 2025)

**5** 9410/25.

16. De réir thuarascáil EIGE, cé gur príomhghnéithe iad an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus an Gníomh um an Intleacht Shaorga i réimse na rialála digití, ní leor iad iontu féin chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní áirithe a bhaineann go sonrach le hinscne, lena n-áirítear tionchair dhiúltacha na meán sóisialta ar an gcomhionannas inscne agus ar mhná agus cailíní agus na dúshláin shonracha a eascraíonn astu dóibh nuair a úsáidtear teicneolaíocht na hintleachta saorga.

17. Mar a chuireann an Coimisiún i bhfios ina Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025: 'Tá an foréigean ar líne a dhírítear ar mhná forleathan anois agus gabhann iarmhairtí sonracha fíochmhara leis' agus 'bíonn tionchair leitheadacha ag an mbulaíocht, ag an gciapadh agus ag mí-úsáid ar na meáin shóisialta ar shaol laethúil na mban agus na gcailíní.' [aistriúchán neamhoifigiúil] De réir thuarascáil EIGE, bíonn tionchar díréireach ag an bhforéigean ar líne ar mhná i bpoist chumhachta, go háirithe mná óga agus mná ar baill iad de ghrúpaí a ndéantar idirdhealú ina leith. Is mó na leibhéil ciaptha ar líne a fhulaingíonn polaiteoirí agus iriseoirí mná ná a gcontrapháirteanna fir, rud a chruthaíonn éifeacht athchomhairleach agus a bhaineann dá sábháilteacht agus dá ndea-bhail mheabhrach, rud a dhíspreagann mná le dul isteach sna gairmeacha sin nó iad a shaothrú agus le páirt a ghlacadh i ndíospóireachtaí ar líne agus as líne. Cuireann sé sin teorainn bhreise le hionadaíocht agus rannpháirtíocht na mban sa saol poiblí, rud a bhaineann an bonn den daonlathas, de shaoirse an phreasa agus den idirphlé sóisialta freisin.

18. Sa tuarascáil uaidh, cuireann EIGE chun suntais go gcuireann 'bearnaí suntasacha i gcuimsitheacht na sonraí agus an taighde bac ar thuiscint iomlán ar dhúshláin, mar shampla idirdhealú inscne, claontacht agus stiogmatú sa réimse digiteach – go háirithe ó thaobh dearcadh trasnach de.' [aistriúchán neamhoifigiúil] Leis an easpa sonraí sin, ar measa í mar gheall ar an drogall atá ar mhórardáin dhigiteacha sonraí úsáide a chomhroinnt le taighdeoirí, cuirtear bac ar fhorbairt freagairtí éifeachtúla beartais ar na rioscaí atá ann do chailíní óga agus mná ar líne. Tá sonraí imdhealaithe de réir inscne agus sonraí comhionannais eile ríthábhachtach chun beartais fhianaisebhunaithe a cheapadh agus chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo comhionannas inscne san intleacht shaorga agus i spásanna digiteacha. Leis na sonraí sin, is féidir éagothromaíochtaí a shainaithint, treochtaí a rianú, agus idirghabhálacha spriocdhírithe a cheapadh a fhreagraíonn ar riachtanais gach grúpa**,** go háirithe mná agus cailíní a bhfuil dúshláin shonracha rompu ar líne.

19. Tá ardáin ar líne, lena n-áirítear líonraí sóisialta, tagtha chun cinn mar réimsí criticiúla ina n-oibríonn feachtasóirí ar son chearta na mban agus grúpaí eile chun a gcláir oibre a chur chun cinn. Aithníonn an Coimisiún ina Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025 'go raibh ról suntasach ag mná óga go háirithe chun an t-athrú a bhrú ar aghaidh' [aistriúchán neamhoifigiúil] san oiriúnú don athrú aeráide. Tá siad anois ina ngníomhaithe tábhachtacha sa ghluaiseacht aeráide, ag tacú leis an inbhuanaitheacht, le ceartas comhshaoil, agus le straitéisí fadtéarmacha chun tionchair an athraithe aeráide ar mhná a mhaolú. Aithnítear an rannpháirtíocht sin i dtuarascáil EIGE agus cuirtear i bhfios go láidir inti ag an am céanna go dtagann an fhrithfhreagairt i gcoinne tionscnaimh chomhshaoil go minic 'leis an méadú atá tagtha ar ghluaiseachtaí forlámhacha a ghabhann chucu meascán de shéanadh aeráide, ciníochas agus fuath ban.' Dá thoradh sin, is minic a dhírítear ionsaithe poiblí agus foréigean ar líne ar lucht tacaíochta comhshaoil, ar mná óga iad go leor díobh.

20. Is minic a léiríonn algartaim mhodhnóireachta claontacht, agus fágann an easpa trédhearcachta sa phróiseas cinnteoireachta trí chéile is bonn leo gur deacair cleachtais idirdhealaitheacha ar líne a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu.

21. Cuireann córais intleachta saorga (IS) deiseanna iontacha ar fáil os rud é go bhfuil sé d'acmhainn acu folláine agus rathúnas an duine a chur chun cinn, lena n-áirítear, mar shampla, trí aghaidh a thabhairt ar dhálaí sonracha sláinte, agus trí dhul chun cinn eacnamaíoch agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn chomh maith le comhionannas inscne. Ag an am céanna, d'fhéadfadh rioscaí a bheith ag baint le córais intleachta saorga do chearta bunúsacha agus leasanna poiblí eile. Is féidir leo riosca don tsláinte a bheith acu freisin mura gcuirtear oiliúint ar an intleacht shaorga ach amháin ar shonraí firbhunaithe, as a bhféadfadh claontacht inscne a eascairt a d'fhéadfadh a bheith díobhálach. D'fhéadfadh córais intleachta saorga atá oilte ar shonraí ina bhfuil steiréitíopaí inscne aschuir a chruthú (téacs, íomhánna, físeáin) a threisíonn agus a mhéadaíonn na steiréitíopaí inscne sin, mar shampla, trí fhir agus mná a chomhlachú le gairmeacha agus inniúlachtaí ar leith, nó trína thabhairt le tuiscint go bhfuil fir níos táirgiúla ná mná, nó trí mhná a chur i róil a bhaineann le cúram a thabhairt. Le tearcionadaíocht mná agus grúpaí eile a ndéantar idirdhealú orthu in earnáil na hintleachta saorga, go háirithe i ndearadh agus i bhforbairt córas intleachta saorga, méadaítear na rioscaí sin a thuilleadh. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach gur féidir le mná agus fir páirt a ghlacadh ar bhonn cothrom i bhforbairt agus in imscaradh na gcóras intleachta saorga.

22. Léiríodh i staidéir leitheadúlacht na claontachta inscne agus meascán de chlaontacht inscne agus ciníoch i gcórais intleachta saorga i dtionscail éagsúla. Ag teacht as na claontachtaí sin, d’fhéadfadh cáilíocht seirbhíse níos ísle a bheith i gceist do mhná agus do mhionlaigh chomh maith le neamhionannais ó thaobh leithdháileadh acmhainní, soláthar faisnéise agus deiseanna de. Is féidir leis an intleacht shaorga aschuir idirdhealaitheacha a chruthú, cuir i gcás claontacht in aghaidh na mban i bpróisis earcaíochta nó scagadh le haghaidh iasachtaí. Ar an taobh eile de, agus rialacha soiléire neamhchlaonta agus sonraí ardcháilíochta á n-úsáid, d’fhéadfadh sé go mbeadh claontacht níos lú i gceist leis an intleacht shaorga ná an chinnteoireacht a dhéanann daoine. Is féidir léi brath claontachta a éascú freisin trína cumas cainníochtaí móra sonraí a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu.

23. Aithnítear sa Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac gur féidir foréigean in aghaidh na mban, lena n-áirítear cibearfhoréigean, a dhéanamh níos measa nuair a bhíonn sé faoi réir idirdhealú bunaithe ar theaglaim de ghnéas agus d’aon fhoras nó forais eile idirdhealaithe dá dtagraítear in Airteagal 21 den Chairt.

24. Is féidir leis an intleacht shaorga ghiniúnach cruthú teachtaireachtaí ionsaitheacha a uathoibriú, agus ciapadh leanúnach ar líne, lena n-áirítear docsáil, a éascú ar mhórscála. Is féidir léi íomhánna, físeáin nó fuaim bréagacha de dhuine a chruthú freisin, mar shampla domhainbhrionnuithe lena n-áirítear íomha domhainbhrionnaithe de dhuine lomnocht, rud a fhágann gur féidir ábhar ionramháilte a chomhroinnt go neamhthoiliúil. Ina theannta sin, is féidir mí-úsáid a bhaint as cruinne réaltachta fíorúla, ar féidir lena dearadh aithris a dhéanamh ar an domhan fisiceach, mar spásanna d’fhoréigean inscnebhunaithe, lena n-áirítear foréigean gnéasach, agus, in éineacht le córais moltaí uathoibrithe maidir le hábhar, is féidir ábhar frithbhanda agus foréigneach a threorú ag fir agus buachaillí de gach aois. Sna spásanna sin, féadfar leasanna a bhaint as an intleacht shaorga ghiniúnach chun ábhar fíorúil a úsáid nó a chruthú chun críoch mailíseach, lena ndírítear ar mhná agus ar chailíní go háirithe.

25. Ag an am céanna, tá sé ríthábhachtach leas gníomhach a bhaint as acmhainneacht dhearfach na gcóras intleachta saorga chun comhionannas inscne a chur chun cinn i ngach réimse. Mar shampla, is féidir le córais intleachta saorga cóir neamh-chomhionann a bhrath agus a cheartú i gcomhthéacs na cinnteoireachta uathoibrithe. Is féidir leo ról ríthábhachtach a imirt freisin i dtaobh mí-úsáid ar líne a bhrath agus a chosc, cibearfhoréigean inscnebhunaithe san áireamh. Is féidir le huirlisí atá bunaithe ar an intleacht shaorga feabhas a chur ar mhodhnóireacht inneachair, tacú le hiarrachtaí forfheidhmithe dlí, agus sásraí tuairiscithe níos fearr a chur ar fáil d’úsáideoirí, rud a chuirfidh le timpeallacht dhigiteach níos sábháilte do chách.

26. Cuireann an tacar conclúidí seo leis an obair a rinneadh cheana agus leis na gealltanais pholaitiúla ón gComhairle, ón gCoimisiún agus ó Pharlaimint na hEorpa agus ó pháirtithe leasmhara ábhartha sa réimse sin, lena n-áirítear sna doiciméid a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo.

**IARRANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AR NA BALLSTÁIT, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí, agus na himthosca náisiúnta á gcur san áireamh acu, agus urraim á tabhairt do ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, an méid seo a leanas a dhéanamh:**

27. Leanúint de neamhspleáchas agus d'éifeachtacht struchtúir rialtais um chomhionannas inscne a neartú trína gcur ar an leibhéal is airde is féidir sa rialtas, agus trí shainordú láidir maidir le comhionannas inscne a bheidh sainithe go soiléir agus acmhainní leordhóthanacha daonna agus airgeadais a chur ar fáil dóibh, agus cur chun feidhme éifeachtach agus cistiú leordhóthanach a áirithiú le haghaidh straitéisí náisiúnta comhionannais inscne, lena n-áirítear príomhshruthú inscne i ngach réimse beartais agus beartais agus bearta spriocdhírithe maidir le comhionannas inscne.

28. Feidhmiú éifeachtach an chomhordaithe trasearnála a fhorbairt chun príomhshruthú inscne, líonrú agus comhar a fheabhsú, lena n-áirítear maidir le beartais a bhaineann leis an intleacht shaorga.

29. Feachtais múscailte feasachta a thabhairt isteach maidir leis na cearta agus na cosaintí atá ag saoránaigh a leagtar amach sa Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh agus sna Treoracha maidir le Caighdeáin do Chomhlachtaí Comhionannais (Treoir (AE) 2024/1499 agus Treoir (AE) 2024/1500) agus sa Ghníomh um an Intleacht Shaorga agus sa Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha.

30. Bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú nach dtáirgeann córais intleachta saorga aschuir idirdhealaitheacha, trína áirithiú go n-úsáidtear sonraí soiléire ionadaíocha ardcháilíochta ar bhealach trédhearcach, trí mheastóireacht rialta a dhéanamh ar chórais intleachta saorga, trí mhaoirseacht dhaonna a shuiteáil chomh maith le próisis athbhreithnithe agus sásaimh, agus trí chomhlíontacht le reachtaíocht um neamh-idirdhealú agus reachtaíocht earnálach intleachta saorga a áirithiú.

31. Cur chun feidhme tráthúil na Treorach maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac a áirithiú, lena n-áirítear a forálacha maidir le cibearfhoréigean mar shampla domhainbhrionnuithe, chomh maith le forálacha cuimsitheacha na Treorach maidir le cosaint agus tacaíocht, lena n-áirítear maidir le sainseirbhísí tacaíochta d'íospartaigh a ndearnadh cibearfhoréigean orthu.

32. Cumhacht a thabhairt d'údaráis a chosnaíonn cearta bunúsacha, cuir i gcás Comhlachtaí Comhionannais, lena n-áirítear trí fhothú acmhainneachta, rioscaí don chomhionannas inscne a thagann ón intleacht shaorga a shainaithint, agus faireachán a dhéanamh orthu, agus cúnamh a thabhairt d'íospartach a ndearnadh idirdhealú orthu tríd an intleacht shaorga, lena n-áirítear sa chúirt, faoi chuimsiú na dTreoracha lena mbunaítear caighdeáin do Chomhlachtaí Comhionannais agus i gcomhthéacs cumhachtaí a d'fhéadfaí a dheonú do chomhlachtaí comhionannais faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga agus a áirithiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu.

33. A áirithiú go n-áireofar sna pleananna gníomhaíochta náisiúnta i gcoinne foréigean inscnebhunaithe dá bhforáiltear sa Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac bearta spriocdhírithe chun dul i ngleic le foréigean inscnebhunaithe arna éascú ag an teicneolaíocht, lena gcumhdaítear, ar a laghad, na cionta cibearfhoréigin uile a dhéantar a choiriúlú sa Treoir: comhroinnt neamhthoiliúil ábhair phearsanta nó chúbláilte (lena n-áirítear domhainbhrionnuithe), cibearstalcaireacht, cibirchiapadh (lena n-áirítear cibearsplancáil agus docsáil), agus cibirghríosú chun foréigin nó fuatha.

34. Deiseanna oideachais agus oiliúna a chur ar fáil agus bearta iomchuí a dhéanamh chun rochtain chomhionann ó thaobh inscne de ar ghléasanna digiteacha a áirithiú, chun go mbeidh gach cailín, buachaill, bean agus fear ina gcásanna agus dálaí éagsúla in ann feabhas a chur ar a litearthacht dhigiteach agus ar a scileanna TFC agus ETIM, agus chun tuilleadh oideachais agus oiliúna a fháil, nó dul chun cinn a dhéanamh san oideachas agus oiliúint, chun go mbeidh breis deiseanna acu amach anseo agus chun a áirithiú go mbainfidh gach grúpa tairbhe as deiseanna digiteacha, lena n-áirítear d'fhonn cuimsiú sóisialta agus comhdheiseanna le haghaidh dul chun cinn gairme.

35. Deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil agus deiseanna oiliúna atá freagrúil ó thaobh inscne de a chur chun cinn do chách, ar deiseanna iad atá deartha chun scileanna digiteacha agus eolas digiteach a fheabhsú, lena n-áirítear maidir leis na tairbhí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis an intleacht shaorga a úsáid. Scileanna agus eolas digiteach a chur chun cinn chun foréigean ar líne in aghaidh na mban agus foréigean inscnebhunaithe arna éascú ag an teicneolaíocht a chomhrac, chomh maith le claontachtaí inscne agus idirdhealú a dhéantar leis an intleacht shaorga, mar shampla, trí phrintíseachtaí, oiliúint ar líne, meantóireacht nó bealaí eile lena gcuirtear san áireamh na míbhuntáistí éagsúla a d'fhéadfadh a bheith roimh mhná, go háirithe, mar shampla an bhearna dhigiteach idir na hinscní, dualgais cúram a thabhairt, agus rochtain theoranta ar an idirlíon.

36. Bearta iomchuí a dhéanamh chun gach úsáideoir idirlín a chosaint, agus béim ar leith á leagan ar úsáideoirí óga, ar gach ábhar díobhálach ar líne, lena n-áirítear ábhar a ghintear leis an intleacht shaorga mar shampla domhainbhrionnuithe, ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí arna ghiniúint ag an intleacht shaorga nó docsáil nó ciapadh treisithe mar thoradh ag an intleacht shaorga. D'fhéadfaí a áireamh ar na bearta sin fíorú aoise agus uirlisí rialaithe do thuismitheoirí agus uirlisí atá dírithe ar chabhrú le mionaoisigh mí-úsáid a chur in iúl nó tacaíocht a fháil, de réir mar is iomchuí. Tá gá le bearta freisin chun gach úsáideoir idirlín a chosaint ar chamscéimeanna, go háirithe úsáideoirí a d'fhéadfadh a bheith níos leochailí ó thaobh dúshaothrú a dhéanamh orthu.

37. Bearta a dhéanamh chun dul i ngleic leis an deighilt, atá ag dul i méid, idir tuairimí na mban agus na bhfear óg maidir le comhionannas inscne agus cearta na mban agus chun dearcthaí agus iompar frithbhanda a chomhrac. Agus an méid sin á chur san áireamh, feasacht a mhúscailt, go háirithe i measc an aosa óig, maidir leis an intleacht mhothúchánach agus a bhaineann le caidrimh shláintiúla, neamhfhoréigneacha atá bunaithe ar chomhionann chomh maith le hidirghabhálacha an tslua in aghaidh an fhoréigin. Tá gá freisin le feasacht a mhúscailt ó thaobh inscne de maidir le hábhair mar shampla folláine, cothromaíocht oibre is saoil agus meabhairshláinte.

38. Gníomhaireachtaí staidrimh náisiúnta, an saol acadúil agus ionaid taighde chomh maith le cuideachtaí meán agus digiteacha, na comhpháirtithe sóisialta agus comhlachtaí comhionannais a bheith páirteach san fhaireachán ar chomhionannas inscne sa réimse digiteach, lena n-áirítear rochtain ar chláir foghlama digití inscne-fhreagrúla a thomhas, faireachán a dhéanamh ar fhostaíocht na mban in TFC, ETIM agus i réimsí digiteacha atá ag teacht chun cinn, meastóireacht a dhéanamh ar chlaontachtaí na hintleachta saorga i mbainistiú an lucht saothair, rianú a dhéanamh ar dhálaí oibre in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, sna meáin agus in earnálacha digiteacha agus measúnú a dhéanamh ar phortráidí steiréitipiciúla de mhná agus d'fhir sna healaíona, sa chultúr agus sna meáin, lena n-áirítear sna meáin shóisialta, i scannáin, i gceol agus i bhfíschluichí. Taighde a spreagadh maidir le hábhar agus líonraí ar líne a bhaineann le fuath ban agus fearúlacht, d'fhonn sonraí agus uirlisí a fhorbairt chun na saincheisteanna sin a thuiscint agus feasacht a mhúscailt ina leith.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AGUS AR NA BALLSTÁIT, de réir a n-inniúlachtaí faoi seach, agus urraim á tabhairt do ról agus do neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

39. Bearta a neartú chun a áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí a leagtar amach i gClár Oibre Gníomhaíochta Bhéising, chomh maith le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe, tríd an gcur chuige déach i leith comhionannas inscne a chur chun cinn trí bheartais agus bearta spriocdhírithe maidir le comhionannas inscne a shaothrú agus, ag an am céanna, gné an phríomhshruthaithe inscne a chomhtháthú go córasach i mbeartais (lena n-áirítear beartais dhigiteacha), i gcláir agus i mbuiséid, chun bearnaí inscne i ngach réimse a bhrath agus a laghdú go héifeachtach.

40. Agus beartais ábhartha á gcur chun feidhme, lena n-áirítear forálacha GSD agus na Treorach maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac, machnamh a dhéanamh ar chur chuige aontaithe i leith an chibearfhoréigin a ghlacadh trí shainmhínithe a chomhchuibhiú agus sonraí inchomparáide a bhailiú.

41. Forbairt atá dírithe ar an duine agus úsáid na hintleachta saorga atá sábháilte, slán agus iontaofa a chur chun cinn i saol na hoibre. Cé gurb iad na Ballstáit atá freagrach as *acquis* an chomhionannais inscne a chur chun feidhme ina iomláine, lena n-áirítear Treoir 2004/113/CE agus Treoir 2006/54/CE, is féidir leis an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit acmhainneacht na gcreataí sin a uasmhéadú chun idirdhealú inscnebhunaithe a chomhrac arb iad córais intleachta saorga is cúis leis i réimse na fostaíochta agus níos faide i gcéin.

42. Machnamh a dhéanamh ar bhearta breise a thionscnamh chun gníomhú i gcoinne an fhoréigin ar líne agus an chibearfhoréigin agus é mar aidhm níos leithne deireadh a chur le gach cineál foréigin inscnebhunaithe agus idirdhealaithe, go háirithe an t-il-idirdhealú. Go háirithe, leanúint den fhoréigean ar líne i gcoinne polaiteoirí agus gníomhaithe ar mná iad a chomhrac, ar foréigean é a chuireann teorainn lena rannpháirtíocht.

43. Cailíní, buachaillí, mná agus fir a spreagadh chun réimsí oideachais agus gairmeacha a roghnú saor ó steiréitíopaí inscne, ionas go méadófar rannpháirtíocht na mban i réimsí ETIM agus sciar na bhfear i ngairmeacha cosúil le cúram sláinte agus oideachas, lena n-áirítear oideachas agus cúram luath-óige. Aghaidh a thabhairt ar na tosca struchtúracha lena ndíspreagtar mná ó ghairmeacha a shaothrú agus leanúint de ghairmeacha sna hearnálacha TFC/IS, lena n-áirítear steiréitíopaí inscne i gcomhthéacs treoir ghairme agus áiteanna oibre, ciapadh, cultúir eagraíochtúla agus easpa socruithe solúbtha oibre.

44. Fir agus buachaillí a spreagadh chun páirt iomlán a ghlacadh sa réimse poiblí agus sa réimse príobháideach, mar ghníomhairí agus mar thairbhithe don athrú, d’fhonn deireadh a chur le gach cineál idirdhealaithe agus foréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní, as líne agus ar líne. Agus an méid sin á chur san áireamh, aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna an neamhionannais inscne, ar nós neamhionannais stairiúla agus struchtúracha; caidrimh éagothroma cumhachta; steiréitíopaí inscne; gnéasachas; agus noirm, braistintí, nósanna, dearcthaí agus iompraíochtaí sóisialta diúltacha nó díobhálacha lena n-áirítear dearcthaí atá steiréitipiciúil ar bhonn inscne; agus iompraíochtaí díobhálacha ar líne. Béim athnuaite a leagan ar litearthacht chriticiúil sna meáin agus ar an mífhaisnéis agus an bhréagaisnéis a chomhrac agus díriú ar ábhar a mbíonn tionchar diúltach aige ar an meabhairshláinte, ar an bhfolláine agus ar chaidrimh shóisialta.

45. Taighde inscne-fhreagrúil ar na meáin, ar thionscail dhigiteacha agus ar an gclaochlú digiteach a chur chun cinn go gníomhach, lena n-áirítear trí shonraí atá imdhealaithe de réir inscne agus, i gcás inarb iomchuí, de réir saintréithe ábhartha eile, a bhailiú, a anailísiú agus a chur in iúl. Infheistíocht a dhéanamh i dtaighde idirdhisciplíneach ar algartaim neamh-idirdhealaitheacha a fhorbairt agus i straitéisí chun comhionannas a chosaint maidir le húsáid córas algartamach, lena n-áirítear trí phrionsabail maidir le sábháilteacht trí dhearadh a leanúint.

46. Comhpháirtíochtaí agus comhairliúchán suntasach córasach a threisiú leis na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha agus náisiúnta, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, le heagraíochtaí na mban agus le cosantóirí chearta na mban agus an saol acadúil a théann leo agus beartais dhigiteacha á gceapadh, á gcur chun feidhme agus á meas.

47. Comhpháirtíochtaí agus comhar trasearnála a chothú le gnólachtaí agus le heagraíochtaí gnó sa réimse digiteach, lena n-áirítear tionscal TFC, agus cuideachtaí meán agus meán sóisialta, agus i ngach earnáil ábhartha eile, lena n-áirítear cúram sláinte agus gnáthchúram, oideachas, na healaíona agus cultúr, innealtóireacht, airgeadas agus talmhaíocht, d’fhonn comhionannas inscne a chur chun cinn go córasach laistigh de chomhthéacs an digitithe, go háirithe an intleacht shaorga.

48. Obair leantach a dhéanamh go rialta ar tháscairí uile Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising a d'fhormheas an Chomhairle chun faireachán córasach a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh, agus saineolas agus aschuir EIGE agus Eurostat á chur san áireamh. Úsáid éifeachtach na dtáscairí sin a neartú i mbeartais Aontais agus náisiúnta maidir le comhionannas inscne agus i ngach réimse beartais ábhartha eile, agus féachaint leis na staitisticí ábhartha uile a chur ar fáil go forleathan.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

49. Leanúint den chomhionannas inscne a chur chun cinn mar thosaíocht pholaitiúil le linn a théarma reatha (2024-2029) agus a áirithiú go ndéanfar obair leantach ar a Straitéis reatha maidir le Comhionannas Inscne 2020-2025 agus go dtacófar léi, go háirithe trí chreat a éascú le haghaidh comhar idir ardáin idirlín chun sábháilteacht na mban agus na gcailíní ar líne a chosaint. Gné na hinscne a phríomhshruthú i gcistiú ón Aontas amach anseo chun a áirithiú go dtacóidh cistiú ón Aontas le comhionannas inscne ar bhonn níos leithne, sa bhreis ar chistiú sonrach a leithdháiltear ar ábhair a bhaineann le hinscne. I ndáil leis an méid sin, meabhraítear don Chomhairle go bhfuil na Conclúidí seo ón gComhairle gan dochar don chaibidlíocht maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil tar éis 2027.

50. Na prionsabail agus na cuspóirí a leagtar amach sa Treochlár um Chearta na mBan a leanúint agus an treoir ón gComhairle á cur san áireamh tráth a cheapfar doiciméid straitéiseacha amach anseo, mar shampla straitéis neamhspleách ardleibhéil comhionannais inscne de chuid an Aontais don tréimhse tar éis 2025, ina gcuimsítear bearta spriocdhírithe agus gné na hinscne a chomhtháthú go córasach i mbeartais agus i ngníomhaíochtaí an Aontais.

51. Comhionannas inscne a shaothrú, lena n-áirítear béim athnuaite ar an gclaochlú digiteach, le hardleibhéal uaillmhéine, mar thosaíocht bheartais i gcaidreamh seachtrach uile an Aontais, lena n-áirítear tráth a cheapfar Pleananna Gníomhaíochta nua AE maidir le hInscne amach anseo.

52. Machnamh a dhéanamh ar chur chuige trasnach a chur i bhfeidhm i gcás inarb ábhartha sa straitéis um chomhionannas inscne a bheidh ann amach anseo agus i straitéisí frith-idirdhealaithe eile a bheidh ann amach anseo agus na hidirnaisc idir na straitéisí a neartú.

53. Gné an phríomhshruthaithe inscne a chomhtháthú go córasach i mbeartais agus i reachtaíocht uile an Aontais amach anseo, lena n-áirítear beartais, cláir agus buiséid shóisialta, airgeadais agus eacnamaíocha, agus i réimse na mbeartas digiteach agus go háirithe sa Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga atá ar na bacáin agus sa Phlean Straitéiseach um Oideachas ETIM, chun aghaidh a thabhairt ar aon chlaontacht inscne in algartaim, chun steiréitíopaí a chomhrac, chun bearnaí inscne a dhúnadh agus chun ionadaíocht agus rannpháirtíocht chomhionann na mban a chur chun cinn.

54. Leanúint d’fhaireachán agus de thacú le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm na gceanglas ábhartha faoi Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc, faoi GSD, faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga agus faoin Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac, agus machnamh á dhéanamh ag an am céanna ar na sásraí forfheidhmithe éagsúla dá bhforáiltear sna dlíthe sin, chun cosaint éifeachtach mionaoiseach, go háirithe do chailíní, ar ábhar neamhdhleathach agus díobhálach atá ar fáil ar líne a áirithiú.

55. Tacú leis an gcomhionannas inscne a phríomhshruthú i gcur chun feidhme an Ghnímh um an Intleacht Shaorga, lena n-áirítear tríd an mbéim a chuireann sé ar chearta bunúsacha, agus a áirithiú, i ndáil leis an méid sin, go n-áireofar sna bearta cur chun feidhme atá ar na bacáin béim láidir ar an gcomhionannas inscne agus ar an gcomhrac i gcoinne an chibearfhoréigin inscnebhunaithe, lena n-áirítear foréigean gnéasach.

56. Leanúint de chur chun feidhme GSD a ghiaráil chun sábháilteacht na mban agus na gcailíní a chur chun cinn ar líne, lena n-áirítear trí fhéachaint ar bhealaí chun a áirithiú a thuilleadh go ndéanfaidh ardáin an-mhór ar líne agus innill chuardaigh an-mhór ar líne bearta maolaithe leordhóthanacha agus cuimsitheacha chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le foréigean inscnebhunaithe.

57. Leanúint de thacaíocht a thabhairt do líonra an Aontais maidir le foréigean inscnebhunaithe agus foréigean teaghlaigh a chosc, lena n-áirítear a chuid oibre ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn i réimse chosc an fhoréigin dhigitigh, lena n-áirítear ábhar a ghintear leis an intleacht shaorga, agus comhroinnt eolais agus dea-chleachtais.

58. Leanúint de thacaíocht a thabhairt do chláir agus do thionscnaimh áitiúla sna Ballstáit atá ag obair chun cailíní óga agus buachaillí óga, mná agus fir a chosaint agus oideachas a chur orthu ina gcásanna agus ina gcuid dálaí éagsúla faoi seach maidir le rioscaí agus deiseanna sa saol digiteach.

59. Leanúint d'inrochtaineacht an Chláir um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna a chothú laistigh de CAI 2021-2027 do raon leathan iarratasóirí ionchasacha, go háirithe agus béim á leagan ar chomhionannas inscne, lena n-áirítear an intleacht shaorga agus an digiteáil.

## Tagairtí

1. **Reachtaíocht an Aontais**

Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha)

Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga)

Treoir 2004/113/CE an 13 Nollaig 2004 ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná maidir le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus maidir le soláthar earraí agus seirbhísí

Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos le dlí, le rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit agus a bhaineann le seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc), arna leasú le Treoir (AE) 2018/1808 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018

Treoir (AE) 2024/1385 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac

Treoir (AE) 2024/1499 ón gComhairle an 7 Bealtaine 2024 maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne idir daoine gan beann ar a dtionscnamh ciníoch nó eitneach, na córa comhionainne i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha idir daoine gan beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach, na córa comhionainne idir mná agus fir i gcúrsaí slándála sóisialta ina rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus ó thaobh soláthar earraí agus seirbhísí, agus lena leasaítear Treoracha 2000/43/CE agus 2004/113/CE

Treoir (AE) 2024/1500 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne agus an chomhionannais deiseanna idir mná agus fir i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha, agus lena leasaítear Treoracha 2006/54/CE agus 2010/41/AE

Cinneadh (AE) 2022/2481 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach

2. **An Chomhairle**

Na conclúidí ar fad ón gComhairle a glacadh maidir leis an athbhreithniú ar chlár oibre gníomhaíochta Bhéising agus conclúidí eile ón gComhairle maidir le comhionannas inscne, go mór mór iad siúd a luaitear thíos:

Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gComhionannas Inscne i nGeilleagair an Aontais: An Bealach Chun Cinn (14938/19)

Conclúidí ón gComhairle maidir le Tionchar na hIntleachta Saorga ar an gComhionannas Inscne i Margadh an tSaothair (14750/21)

Conclúidí ón gComhairle maidir le gné an chomhionannais inscne a phríomhshruthú i mbeartais, i gcláir agus i mbuiséid (9684/23)

Conclúidí ón gComhairle maidir le cumhachtú digiteach chun cearta bunúsacha a chosaint agus a fhorfheidhmiú sa ré dhigiteach (14309/23)

Conclúidí ón gComhairle maidir le cumhachtú eacnamaíoch agus neamhspleáchas airgeadais na mban mar bhealach chun comhionannas inscne substainteach a bhaint amach (9752/24)

Conclúidí ón gComhairle maidir le neart a chur le meabhairshláinte na mban agus na gcailíní tríd an gcomhionannas inscne a chur chun cinn (16366/24)

3. **An Coimisiún Eorpach**

*A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025* [Aontas an Chomhionannais: Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025]. 6678/20. (Tagairt ón gCoimisiún: COM(2020) 152 final)

Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: *EU Gender Action Plan (GAP) III – An ambitious agenda for gender equality and women's empowerment in EU external action.* [Plean Gníomhaíochta III AE maidir le hInscne (GAP) – Clár oibre uaillmhianach don chomhionannas inscne agus do chumhachtú na mban i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais Eorpaigh.] 13343/20. (Tagairt ón gCoimisiún: JOIN(2020) 17 final)

*A Union of Equality: EU anti-racism action plan 2020-2025.* [Aontas an Chomhionannais: Plean gníomhaíochta frithchiníochais an Aontais Eorpaigh, 2020-2025.] 11522/20. (Tagairt ón gCoimisiún: COM(2020) 565 final)

*Union of Equality: LGBTIQ Equality Strategy 2020-2025.* [Aontas an Chomhionannais: Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ 2020-2025.] 13081/20. (Tagairt ón gCoimisiún: COM(2020) 698 final)

Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Treochlár um Chearta na mBan. 6756/25 + ADD 1. (Tagairt ón gCoimisiún: COM(2025) 97 final)

4. **Parlaimint na hEorpa**

Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le comhionannas inscne agus cumhachtú na mban sa ré dhigiteach, 2015/2007(INI)), C 66/44, 2018

5. **An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)**

*Impact driver: marking milestones and opportunities for gender equality in the EU. Beijing Platform + 30 Report* [Spreagadh tionchair: garspriocanna a aithint agus deiseanna do chomhionannas inscne san Aontas. Tuarascáil ar Chlár Oibre Bhéising + 30] (9410/25)

*2024 Data collection on institutional mechanisms for gender equality and gender mainstreaming: Methodological report, 2025* [Bailiú sonraí 2024 maidir le sásraí institiúideacha um chomhionannas inscne agus um phríomhshruthú inscne: tuarascáil mhodheolaíochta, 2025]

*Combating Cyber Violence against Women and Girls, 2022* [An Cibearfhoréigean in aghaidh na mBan agus na gCailíní a Chomhrac, 2022]

6. **Na Náisiúin Aontaithe**

*The Beijing Declaration and Platform for Action (UN agenda for gender equality and women's empowerment)* [Dearbhú agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising (Clár Oibre na Náisiún Aontaithe don chomhionannas inscne agus do chumhachtú na mban)]

An Coinbhinsiún maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú

An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair – EIS C190 – an Coinbhinsiún maidir le foréigean agus ciapadh, 2019 (Uimh. 190)

7. **Comhairle na hEorpa**

Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl'), (CETS Uimh. 210)

Creat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an Intleacht Shaorga (CETS Uimh. 225)

---